Beartas Teanga

IONAD AISTRIÚCHÁIN CHOMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Nollaig 2022

Clár na nÁbhar

I. Réamhrá 2
I.1. Páirtithe leasmhara seachtracha agus spriocphobail an Ionaid 2
I.2. Freagra a thabhairt don phobal 3
I.3 Cinneadh an Bhoird Bainistíochta maidir le húsáid teangacha 3
I.4 Teangacha oibre san Ionad 4
II. Beartas teanga an Ionaid i gcleachtas 4
II.1 Spriocphobal / Cineál ábhair cumarsáide 4
II.2 Láithreán gréasáin poiblí 6
II.3 Ardáin slána gréasánbhunaithe 6
II.4 Na meáin shóisialta 7
III. Nótaí clabhsúir 7

I. Réamhrá

Mar Ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh agus de réir chineál a mhisin[1], tá an tIonad Aistriúcháin **tiomanta don ilteangachas[2] san Aontas Eorpach agus dá chur chun cinn**. Cuireann an tIonad **seirbhísí aistriúcháin agus seirbhísí teanga gaolmhara** ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais (agus i dteangacha nach teangacha de chuid an Aontais iad, ar éileamh) do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí sonracha de chuid an Aontais, rud a chinntíonn gur féidir leo freastal ar a riachtanais chumarsáide ilteangacha leanúnacha. Chomh maith leis sin, tá socruithe comhair curtha i gcrích ag an Ionad le seirbhísí aistriúcháin institiúidí an Aontais chun cabhrú leo déileáil le buaic-ualaí oibre nó le tionscadail shonracha a d'fhéadfadh a bheith acu.

Faoin dara misean dá chuid, i.e. **comhar idirinstitiúideach**, oibríonn an tIonad le seirbhísí aistriúcháin institiúidí an Aontais chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun barainneachtaí scála domhanda a bhaint amach i réimsí an aistriúcháin agus na seirbhísí teanga gaolmhara.

Chun críocha cumarsáide dá chuid féin, ní mór don Ionad Aistriúcháin cothromaíocht a bhaint amach idir **cur chuige costéifeachtach a aimsiú maidir le cumarsáid ilteangach** agus na prionsabail seo a leanas á n-urramú ag an am céanna:

1) an ceart atá ag saoránaigh an Aontais faisnéis iomchuí a fháil ina dteanga féin;
2) an gá atá le faisnéis a sholáthar atá riachtanach don trédhearcacht airgeadais;
3) an gá atá leis an spriocphobal ábhartha a shroicheadh; agus
4) an gá atá le dea-cháil an Ionaid Aistriúcháin mar sholáthraí iontaofa seirbhísí teanga a choinneáil.

Leagtar amach sa Bheartas Teanga seo an chaoi a ndéanann an tIonad cumarsáid lena pháirtithe leasmhara seachtracha agus lena spriocphobail. Forbraíodh an doiciméad i gcomhréir **leis na Treoirlínte agus leis an teimpléad le haghaidh beartais ilteangacha** arna gcomhaontú ag Cinn Líonra Cumarsáide agus Faisnéise (HCIN) Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (HCIN) i mí Dheireadh Fómhair 2022.

I.1. Páirtithe leasmhara seachtracha agus spriocphobail an Ionaid

Is iad seo a leanas **páirtithe leasmhara seachtracha agus spriocphobail** an Ionaid:

Páirtithe leasmhara	**Cur síos**
Cliaint	70 gníomhaireacht, comhlacht agus institiúid de chuid an Aontais
Comhlachtaí maoirseachta	Bord Bainistíochta an Ionaid (MB)
	Údarás buiséadach an Aontais, seirbhísí iniúchóireachta an Aontais agus meastóirí seachtracha

[1] RIALACHÁN (CE) Uimh. 2965/94 ÓN gCOMHAIRLE an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Ionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh arna leasú ina dhiaidh sin (leagan comhdhlúite)

[2] Féach Airteagal 3(3) den leagan comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach; Airteagal 20(2a) agus Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (leagan comhdhlúite); Airteagal 21 agus Airteagal 41(4) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; Rialachán Uimh. 1 de 1958, arna leasú ina dhiaidh sin.

Páirtithe leasmhara	Cur síos
Líonra Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais	ICTI[3], rannpháirtithe i nglaonna comhpháirteacha ar thairiscintí, tionscadal IATE[4]; Cinn Gníomhaireachtaí agus folíonraí EUAN
Soláthraithe seachtracha	Soláthraithe seirbhíse teanga (saoraistritheoirí agus cuideachtaí aistriúcháin)
	Soláthraithe eile (trealamh TF, soláthairtí leabharlainne, lóistíocht, etc.)
Pobal domhanda aistriúcháin	Eagraíochtaí idirnáisiúnta nach de chuid an Aontais iad (eadhon grúpaí IAMLADP[5] agus JIAMCATT[6] na Náisiún Aontaithe), líonraí aistriúcháin, comhlachais agus seirbhísí aistriúcháin náisiúnta, etc.
Comhlachtaí oideachais	Ollscoileanna, scoileanna teicniúla agus institiúidí oideachais ábhartha eile
Cuardaitheoirí poist	Saoránaigh an Aontais a bhfuil suim acu i bhfolúntais phoist an Ionaid
Na meáin	Meáin phreasa agus chlosamhairc
Saoránaigh an Aontais agus daoine den phobal	Aon duine nó eagraíocht a dhéanann teagmháil leis an Ionad

I.2. Freagra a thabhairt don phobal

I gcomhréir leis an gCód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin[7], cinntíonn an tIonad **'go bhfaighidh gach saoránach den Aontas nó aon duine den phobal a scríobhann chuig an institiúid i gceann de theangacha an Chonartha freagra sa teanga chéanna'**.

I.3 Cinneadh an Bhoird Bainistíochta maidir le húsáid teangacha

Chuir Bord Bainistíochta an Ionaid na **forálacha seo a leanas maidir le teangacha** san áireamh ina Rialacha Nós Imeachta a glacadh an 30 Deireadh Fómhair 2003 (CT/CA-014/2003/01EN):

Airteagal 12: Teangacha

1. I gcomhréir le forálacha Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 1/1958 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh an Comhphobal, beidh doiciméid an Bhoird Bainistíochta a bhfuil sé beartaithe iad a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar fáil sna teangacha oifigiúla go léir.
2. Gan dochar d'fhorálacha mhír 1, féadfaidh an Bord Bainistíochta, ar mhaithe le héifeachtúlacht, de réir bhrí Ráiteas Uimh. 1 ón gComhairle atá i gceangal le Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 agus i

[3] An Coiste Idirinstitiúideach um Aistriúchán agus Ateangaireacht (ICTI) agus a fhochoistí (Coiste Feidhmiúcháin um Aistriúchán – ECT; Coiste Comhordúcháin an Aistriúcháin – CCT) agus meithleacha
[4] Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip
[5] IAMLADP: Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta ar Shocruithe Teanga, Cáipéisíocht agus Foilseacháin.
[6] JIAMCATT: Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta ar Aistriúchán Ríomhchuidithe agus Téarmaíocht.
[7] Féach Airteagal 13 den Chód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin (ECGAB).

gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Uimh. 1/1958, líon níos lú teangacha oifigiúla a úsáid faoi chuimsiú a oibríochtaí[8].

3. Féadfar na doiciméid a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre a chur ar fáil i dteanga oifigiúil eile arna iarraidh sin do chomhalta amháin nó níos mó den Bhord Bainistíochta.
4. Ní dhéanfaidh forálacha mhír 2 dochar do cheart gach comhalta é féin a chur in iúl ina rogha teanga oifigiúil.

I.4 Teangacha oibre san Ionad

Úsáideann an tIonad **an Béarla agus an Fhraincis mar theangacha oibre** chun críoch oibríochtúil, tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le córas teanga an Ionaid Aistriúcháin a chinneadh, ar cinneadh é a glacadh in 2015.

II. Beartas teanga an Ionaid i gcleachtas

Ag brath ar spriocphobal agus cuspóir a chuid cumarsáide, úsáideann an tIonad **gach ceann de na teangacha oifigiúla nó líon teoranta díobh** mar a thuairiscítear sa tábla thíos.

II.1 Spriocphobal / Cineál ábhair cumarsáide

Spriocghrúpa (Cé hiad ar a ndírítear é?)	**Cuspóir** (Cén fáth? / Cad is mian leis an ngníomhaireacht a bhaint amach?)	**Cineál ábhair** (Cad atá an ghníomhaireacht a iarraidh a dhéanamh/Cad é atá sé ag iarraidh a chur in iúl?)	**Teangacha** (Cé mhéad? / Cad iad na teangacha?)	**Cainéal/Uirlis** (Conas a chuirtear agus cá háit a gcuirtear an t-ábhar ar fáil?)
Cliaint	Faisnéis faoi tháirgí agus faoi sheirbhísí an Ionaid (seirbhísí teanga; modhanna oibre; córais, etc.) Comhar maidir le tionscadail	• Doiciméid oiliúna agus treoirdhoiciméid • Ábhair mhargaíochta • Cuir i láthair • Doiciméid agus malartuithe a bhaineann le tionscadail • Míreanna nuachta	EN agus/nó FR Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Foilsiú ar líne ar shuíomh gréasáin poiblí CdT Tairseach na gCliant Na meáin shóisialta
Údaráis mhaoirseachta	Doiciméid pleanála straitéisí agus tuairiscithe a fhormheas Cuntasacht Trédhearcacht	• Straitéisí ilbhliantúla • Doiciméid Clársceidealaithe Aonair (Cláir Oibre Bhliantúla) • Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí • Buiséid • Beartas praghsála agus doiciméid airgeadais eile • Cinntí maidir le cúrsaí acmhainní daonna agus cinntí riaracháin eile • Doiciméid a bhaineann le soláthar, etc.	24 teanga oifigiúla an Aontais nó 6 theanga de chuid an Aontais (EN, FR, DE, ES, IT, PT) Doiciméid áirithe a chuirtear i láthair mar eolas i mBéarla amháin (e.g. Buaicphointí na tuarascála bliana)	Foilsiú ar líne ar shuíomh gréasáin poiblí CdT Suíomh gréasáin na gcomhaltaí ceaptha agus líon teoranta úsáideoirí údaraithe Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (buiséad)

[8] Cuirtear na doiciméid a phléitear ag Bord Bainistíochta an Ionaid i láthair i sé theanga, seachas Buiséad an Ionaid, a chuirtear ar fáil i 24 teanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Spriocghrúpa (Cé hiad ar a ndírítear é?)	**Cuspóir** (Cén fáth? / Cad is mian leis an ngníomhaireacht a bhaint amach?)	**Cineál ábhair** (Cad atá an ghníomhaireacht a iarraidh a dhéanamh/Cad é atá sé ag iarraidh a chur in iúl?)	**Teangacha** (Cé mhéad? / Cad iad na teangacha?)	**Cainéal/Uirlis** (Conas a chuirtear agus cá háit a gcuirtear an t-ábhar ar fáil?)
		• Cuir i láthair		
Líonra Institiúidí[9] agus Gníomhaireachtaí an Aontais	Comhroinnt faisnéise agus malartú dea-chleachtais Comhoibriú / Sineirgíochtaí a aimsiú Acmhainní a chomhroinnt, amhail uirlisí TF Múscailt feasachta agus margaíocht	• Doiciméid treorach • Cuir i láthair • Ábhar fógraíochta • Ábhar agus malartuithe a bhaineann le tionscadail • Feachtais chumarsáide chomhpháirteacha • Míreanna nuachta	EN agus/nó FR Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Foilsiú ar líne ar shuíomh gréasáin poiblí CdT Eislíon EUAN le haghaidh úsáideoirí údaraithe Na meáin shóisialta Suíomh gréasáin IATE
Soláthraithe seachtracha	Comhroinnt faisnéise agus malartú dea-chleachtais	• Ábhar ginearálta agus sonrach faisnéise • Glaonna ar thairiscintí / Nósanna imeachta caibidlíochta	Faisnéis ghinearálta EN agus/nó FR Treoracha agus ábhar treorach a bhaineann go sonrach le teanga in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh Glaonna ar thairiscintí i ngach ceann de na 24 theanga oifigiúla (TED); tá glaonna ar dhoiciméid tairisceana ar fáil i mBéarla agus/nó i bhFraincis ag brath ar an ábhar[10] Nósanna imeachta idirbheartaithe sa teanga ábhartha Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Tairseach na Soaraistritheoirí Leathanaigh thiomnaithe soláthair ar shuíomh gréasáin poiblí CdT Bunachar sonraí TED idirinstitiúideach (Tenders Electronic Daily) Na meáin shóisialta
Pobal domhanda aistriúcháin	Comhroinnt faisnéise agus malartú dea-chleachtais Ardú feasachta	• Míreanna nuachta	EN agus/nó FR Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Suíomh gréasáin poiblí CDT Na meáin shóisialta
Comhlachtaí oideachais	Saineolas an lonaid mar sholáthraí seirbhíse teanga a chur i láthair i	• Míreanna nuachta	EN agus/nó FR Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Suíomh gréasáin poiblí CDT Na meáin shóisialta

[9] Maidir le doiciméid do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna a bhaineann leis an lonad, cuireann an tlonad beartas teanga na Cúirte i bhfeidhm: ní mór na doiciméid a chur ar fáil i dteanga an cháis, teanga a d'fhéadfadh a bheith ina teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, mar aon le haistriúchán go Fraincis más rud é nach í an Fhraincis teanga an cháis.
[10] Arna iarraidh sin don tairgeoir, féadfaidh an tlonad aistriúchán ar an nglao ar dhoiciméid tairisceana (nó ar chodanna díobh) a sholáthar i dteanga an tairgeora.

Spriocghrúpa (Cé hiad ar a ndírítear é?)	**Cuspóir** (Cén fáth? / Cad is mian leis an ngníomhaireacht a bhaint amach?)	**Cineál ábhair** (Cad atá an ghníomhaireacht a iarraidh a dhéanamh/Cad é atá sé ag iarraidh a chur in iúl?)	**Teangacha** (Cé mhéad? / Cad iad na teangacha?)	**Cainéal/Uirlis** (Conas a chuirtear agus cá háit a gcuirtear an t-ábhar ar fáil?)
	dtimpeallacht an Aontais Eolas a roinnt faoi fhorbairt ghairm an aistriúcháin			
Cuardaitheoirí poist	Eolas faoi fholúntais oscailte	• Fógraí folúntais • Fiosrúcháin	Gach ceann de 24 teanga oifigiúla an Aontais Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Leathanaigh Thiomanta Post ar shuíomh gréasáin poiblí CdT Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Suíomh gréasáin EPSO Na meáin shóisialta
Na meáin	Eolas faoi ghníomhaíochtaí agus faoi phríomhthionscadail an Ionaid Freagra a thabhairt ar cheisteanna maidir le hilteangachas san Aontas	• Preaseisiúintí • Agallaimh	EN agus/nó FR Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Suíomh gréasáin poiblí CDT Na meáin chlosamhairc Na meáin shóisialta
Saoránach den Aontas agus an pobal i gcoitinne	Obair an Ionaid a chur chun cinn laistigh de Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Luach an ilteangachais laistigh den Aontas a chur chun cinn	• Míreanna nuachta	EN agus/nó FR Postálacha ar na meáin shóisialta: EN	Láithreán gréasáin poiblí Na meáin shóisialta

II.2 Láithreán gréasáin poiblí

Tá **suíomh gréasáin poiblí** an Ionaid Aistriúcháin (gach leathanach ábhair) ar fáil i 24 teanga oifigiúla an Aontais.

Foilsítear míreanna nuachta i mBéarla agus i bhFraincis. Foilsítear doiciméid eile sna teangacha a leagtar amach sa tábla thuas (II.1).

II.3 Ardáin slána gréasánbhunaithe

Tá na **trí ardán shlána gréasánbhunaithe seo a leanas ag an Ionad d'úsáideoirí údaraithe** ar féidir rochtain a fháil orthu trí URL ar leith nó ó shuíomh gréasáin an Ionaid:

- **Tairseach na gCliant** a úsáideann cliaint an Ionaid í chun iarratais ar sheirbhísí a phróiseáil, aiseolas ó chliaint, réamhaisnéis buiséid agus sonrascú. Tá an uirlis seo ar fáil i mBéarla ag:

- **Suíomh Gréasáin an Bhoird Bainistíochta** lena n-éascaítear gníomhaíochtaí an Bhoird Bainistíochta agus atá ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis;
- **Tairseach na Saoraiastritheoirí** lena gcumasaítear cumarsáid le soláthraithe seirbhíse teanga seachtracha. Tá an tairseach ar fáil i mBéarla.

II.4 Na meáin shóisialta

Is i mBéarla agus, ach ní a oiread céanna, i dteangacha eile de réir mar is ábhartha, atá na póstálacha ar **chainéil meán sóisialta an Ionaid Aistriúcháin (Facebook, LinkedIn, Twitter, YouTube, EU Voice, agus EU Video)**. Freagraíonn an tIonad barúlacha agus fiosrúcháin ar a phostálacha ar na meáin shóisialta sa teanga a úsáideann an duine a sheolann an cheist/an tuairim.

III. Nótaí clabhsúir

Déanann an tIonad **monatóireacht rialta ar chur i bhfeidhm** an Bheartais Teanga seo agus **déanann sé a fheidhmíocht** a thomhas trí tháscairí ábhartha.

Déanfar an Beartas Teanga a **athbhreithniú agus a nuashonrú** go tréimhsiúil i gcomhréir le haon athruithe ar straitéis chumarsáide an Ionaid agus le forbairtí teanga san Aontas Eorpach.